Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8101/26**
**ADD 1**

**EF 105**
**ECOFIN 447**
**DELACT 69**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2152 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann le<br>RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an gcead trádála le linn tréimhsí dúnta, liosta na n-ionad trádála ainmnithe a bhfuil gné shuntasach trasteorann ag baint leo maidir le maoirseacht ar dhrochúsáid mhargaidh, agus na táscairí cúblála margaidh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2152 annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 2152 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.4.2026
C(2026) 2152 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an gcead trádála le linn tréimhsí dúnta, liosta na n-ionad trádála ainmnithe a bhfuil gné shuntasach trasteorann ag baint leo maidir le maoirseacht ar dhrochúsáid mhargaidh, agus na táscairí cúblála margaidh**

# IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 mar a leanas:

(1) leasaítear Roinn 1 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an pointe 1a seo a leanas:

‘1a. Agus measúnú á dhéanamh an gcomhfhreagraíonn orduithe arna dtabhairt chun trádáil a dhéanamh nó idirbhearta arna ndéanamh do chion suntasach de mhéid na n-orduithe nó na n-idirbheart chun críocha Tháscaire A(a) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, féadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla tráthchlár atá níos faide nó níos giorra ná lá nó seisiún trádála a bhreithniú. Ina theannta sin, agus Táscaire A(a) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 á chur i bhfeidhm, féadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla breithniú a dhéanamh freisin ar orduithe chun trádáil a dhéanamh nó ar idirbhearta as a n-eascraíonn athrú suntasach ar mhéid ionstraime airgeadais, conartha spot-tráchtearraí ghaolmhair, nó táirge cheantáilte bunaithe ar lamháltais astaíochtaí.’;

(b) cuirtear isteach an pointe 2a seo a leanas:

‘2a. Féadfaidh suíomh suntasach ceannaigh dá dtagraítear i dTáscaire A(b) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 suíomhanna a glacadh cheana féin, chomh maith le suíomh a d’fhéadfadh a bheith ann trí orduithe reatha atá ar feitheamh, a chuimsiú. Orduithe a thugann daoine chun trádáil a dhéanamh nó idirbhearta a dhéanann daoine, ar daoine iad nach bhfuil suíomh suntasach ceannaigh nó díola acu ach a bhfuil leas suntasach acu in athrú ar phraghas ionstraime airgeadais, conartha spot-tráchtearraí ghaolmhair, nó táirge cheantáilte bunaithe ar lamháltais astaíochtaí, nó ar daoine iad a bhfuil neamhchosaint acu ar athrú ar phraghas den sórt sin, lena n-áirítear leas suntasach nó neamhchosaint trí ghlaonna ar éarlais nó trí chúnaint fiachais, féadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla iad sin a chur san áireamh freisin chun críocha Tháscaire A(b) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 596/2014.’;

(c) cuirtear isteach an pointe 4a seo a leanas:

‘4a. Is éard atá sa fhreaschur suímh dá dtagraítear i dTáscaire A(d) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 gníomhaíochtaí as a n-eascraíonn athruithe iarbhír nó féideartha ar mhéideanna barúlacha nó rioscaí airgeadais san ionstraim ábhartha nó i sraith ionstraimí a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile, is é sin, ionstraimí a mbraitheann a bpraghas ar ionstraimí eile sa tacar sin nó a bhfuil tionchar ag a bpraghas ar ionstraimí eile sa tacar sin. Agus measúnú á dhéanamh an gcomhfhreagraíonn orduithe arna dtabhairt chun trádáil a dhéanamh nó idirbhearta arna ndéanamh do chion suntasach de mhéid na n-orduithe nó na n-idirbheart chun críocha Tháscaire A(d) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, féadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla tráthchlár atá níos faide nó níos giorra ná lá nó seisiún trádála a bhreithniú. Ina theannta sin, agus Táscaire A(d) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 á chur i bhfeidhm, féadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla breithniú a dhéanamh freisin ar orduithe chun trádáil a dhéanamh nó ar idirbhearta as a n-eascraíonn athrú suntasach ar mhéid ionstraime airgeadais, conartha spot-

tráchtearraí ghaolmhair, nó táirge cheantáilte bunaithe ar lamháltais astaíochtaí.';

(d) i bpointe 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) Orduithe iomadúla nó orduithe móra a chur isteach chun trádáil a dhéanamh, go minic ar shiúl ón tadhall ar thaobh amháin den leabhar orduithe chun trádáil a fhorghníomhú ar an taobh eile den leabhar orduithe. A luaithe a dhéanfar an trádáil, bainfear na horduithe nach bhfuil sé ar intinn iad a fhorghníomhú — rud ar a dtugtar srathú agus spúfáil de ghnáth. Féadfar an cleachtas sin a léiriú freisin leis an táscaire a leagtar amach i bPointe 4(f);';

(e) cuirtear isteach an pointe 5a seo a leanas:

'5a. Féadfaidh an tréimhse ama dá dtagraítear i dTáscaire A(e) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 a bheith éagsúil ag brath ar leachtacht agus saintréithe margaidh na n-ionstraimí airgeadais. Chun an Táscaire sin a chur i bhfeidhm, is féidir le haisiompú athraithe praghais a bheith iomlán nó páirteach.';

(f) i bpointe 6(a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

'(ii) an táscaire a leagtar amach i bPointe 4(f) den Roinn seo.';

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 8:

'8. Tá an cleachtas a leagtar amach i bPointe 2(c) den Roinn seo agus dá dtagraítear freisin i bPointí 5(b), 6(e) agus 7(d) den Roinn seo ábhartha i gcomhthéacs raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 maidir le hionramháil trasionaid.';

(h) cuirtear an pointe 10 seo a leanas isteach:

'10. Féadfar na Táscairí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 agus na cleachtais a liostaítear san Iarscríbhinn seo a mheasúnú agus a ríomh thar thréimhse ama atá níos faide nó níos giorra ná lá nó seisiún trádála. Tá sé sin ábhartha go háirithe agus measúnú á dhéanamh ar chásanna cúblála margaidh in ionstraimí airgeadais nach bhfuil chomh leachtach céanna agus i gcomhthéacs na trádála algartamaí.';

(2) i Roinn 2, mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

'(b) An cleachtas a leagtar amach i bPointe 4(c) de Roinn 1, ar a dtugtar 'pumpáil agus dumpáil' de ghnáth, rud is féidir a léiriú freisin leis an táscaire a leagtar amach i bPointe 2(a) den Roinn seo.

(c) An cleachtas a leagtar amach i bPointe 4(d) de Roinn 1, ar a dtugtar 'teacht i dtír tar éis a cháineadh' de ghnáth, rud is féidir a léiriú freisin leis an táscaire a leagtar amach i bPointe 2(a) den Roinn seo.'.

IARSCRÍBHINN II

‘IARSCRÍBHINN III

**Ionaid trádála a bhfuil gné shuntasach trasteorann ag baint leo maidir le maoirseacht ar dhrochúsáid mhargaidh i leith scaireanna**

| Ainm an eintitis | Cód Aitheantais Margaidh Oibriúcháin |
|---|---|
| **AQUIS EXCHANGE EUROPE** | AQEU |
| **TP ICAP (EUROPE) SA** | TPIC |
| **CBOE EUROPE B.V.** | CCXE |
| **TURQUOISE GLOBAL HOLDINGS EUROPE BV** | TQEX |

’.